BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Tríú Dlísheomra)

9 Iúil 2026 *

(Tarchur chun réamhrialú – Soláthar poiblí – Treoir 2014/24/AE – Airteagal 82 – Nós imeachta maidir le comórtas deartha – Easpa éisteacht roimh ré leis na hiarrthóirí – Cosaint anaithnideachta – An ceart chun éisteacht a fháil)

I gCás C-888/24,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Supremo Tribunal Administrativo (an Chúirt Uachtarach Riaracháin, an Phortaingéil), trí bhreith an 28 Samhain 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 20 Nollaig 2024, sna himeachtaí

Adão da Fonseca-Engenheiros Consultores, Lda

v

Metro do Porto, S.A.,

Betar Consultores, Lda

tugann AN CHÚIRT (an Tríú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: C. Lycourgos (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, O. Spineanu-Matei, S. Rodin, N. Piçarra agus N. Fenger, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. Biondi,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Adão da Fonseca-Engenheiros Consultores, Lda, ag F. Vellozo Ferreira, advogado,

– Metro do Porto, S.A., ag D. Castro Neves, P. Fernández Sánchez, M. Gorjão-Henriques agus A. Saavedra, advogados,

– Rialtas na Portaingéile, ag P. Barros da Costa agus F. Batista, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Phortaingéilis.

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Biolan, I. Melo Sampaio agus G. Wils, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 26 Márta 2026,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagail 80 agus 82 de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO 2014 L 94, lch. 65), arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1828 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2019 (IO 2019 L 279, lch. 25) ('Treoir 2014/24').

2 Rinne an iarraidh seo in imeachtaí idir Adão da Fonseca-Engenheiros Consultores, Lda ('an chuideachta is iarratasóir sna príomhimeachtaí') agus Metro do Porto, S.A. ('an t-údarás conarthach') agus Betar Consultores, Lda maidir le dlíthiúlacht nós imeachta comórtais deartha i gcás nár roghnaíodh tionscadal na cuideachta is iarratasóir sna príomhimeachtaí ag deireadh an nós imeachta sin.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Treoir 2014/24

3 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 1(1) de Threoir 2014/24:

'Leagtar síos leis an Treoir seo na rialacha is infheidhme maidir le nósanna imeachta soláthair ag údaráis chonarthacha a mhéid a bhaineann siad le conarthaí poiblí agus le comórtais deartha, arb ionann nó ar mó a luach measta ná na tairseacha a leagtar amach in Airteagal 4.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 2(1) den Treoir sin:

'Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn:

[...]

21. "Comórtais deartha", nósanna imeachta a chuireann ar chumas an údaráis chonarthaigh plean nó dearadh a fháil, go príomha i réimsí na pleanála spásúlachta, na pleanála uirbí, na hailtireachta agus na hinnealtóireachta nó na próiseála sonraí, arna roghnú ag bord roghnúcháin tar éis iad a bheith curtha amach ar comórtas le duaiseanna á ndámhachtain nó dá n-uireasa;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Faoi Airteagal 4 den Treoir sin:

‘Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le soláthairtí a bhfuil a luach measta glan ó cháin bhreisluacha (CBL) comhionann leis na tairseacha seo a leanas nó níos airde ná iad:

[…]

(b) EUR 139 000 le haghaidh conarthaí soláthair agus seirbhísí poiblí arna ndámhachtain ag údarás rialtais láir agus le haghaidh comórtais deartha arna n-eagrú acu; […]

(c) EUR 214 000 le haghaidh conarthaí soláthair agus seirbhísí poiblí arna ndámhachtain ag údaráis chonarthacha fho-lárnacha agus le haghaidh comórtais deartha arna n-eagrú acu; […]

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 7 den Treoir sin:

‘Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le conarthaí poiblí nó comórtais deartha arna ndámhachtain nó arna n-eagrú, faoi Threoir 2014/25/AE [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO 2014 L 94, lch. 243)], ag údaráis chonarthacha a dhéanann ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 8 go 14 den Treoir sin agus arna ndámhachtain chun na gníomhaíochtaí sin a shaothrú […]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 De réir Airteagal 18(1) de Threoir 2014/24:

‘Déileálfaidh údaráis chonarthacha le hoibreoirí eacnamaíocha go cothrom agus gan idirdhealú agus gníomhóidh siad ar mhodh trédhearcach agus comhréireach.

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 36(5) den Treoir sin:

‘I gcás ina ndéanann údaráis chonarthacha athoscailt iomaíochta do chonarthaí sonracha i gcomhréir le mír 4(b), tabharfaidh siad fógra do thairgeoirí faoin dáta agus faoin am a bhfuil sé ar intinn acu an fhaisnéis is gá a bhailiú chun tairiscintí a chomhdhéanamh atá oiriúnaithe do cheanglais an chonartha shonraigh atá i gceist, agus tabharfaidh siad deis do thairgeoirí bailiú faisnéise den sórt sin a dhiúltú.

Ceadóidh an t-údarás conarthach tréimhse leormhaith idir tráth an fhógra agus bailiú iarbhír na faisnéise.

Sula ndámhtar an conradh sonrach, cuirfidh na húdaráis chonarthacha an fhaisnéis a bailíodh faoi bhráid an tairgeora lena mbaineann chun deis a thabhairt dó a chonspóid nó a dhearbhú an bhfuil nó nach bhfuil aon earráidí ábhartha sa tairiscint atá comhdhéanta ar an gcaoi sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Foráiltear mar a leanas in Airteagal 41 den Treoir sin:

'I gcás ina bhfuil comhairle curtha ag iarrthóir nó tairgeoir ar údarás conarthach, bíodh sé ag teacht le hAirteagal 40 nó ná bíodh, nó ina raibh baint aige ar bhealach eile le hullmhú an nós imeachta soláthair, déanfaidh an t-údarás conarthach bearta iomchuí, lena áirithiú nach ndéantar iomaíocht a shaobhadh de dheasca rannpháirtíocht an iarrthóra nó an tairgeora sin.

Áirítear ar na bearta sin an fhaisnéis ábhartha a malartaíodh i gcomhthéacs rannpháirtíocht an iarrthóra nó an tairgeora a chur in iúl do na hiarrthóirí agus na tairgeoirí eile thuasluaite, in ullmhú an nós imeachta soláthair nó mar thoradh ar an rannpháirtíocht sin agus teorainneacha ama iomchuí chun tairiscintí a fháil arna leagan síos. Ní eisiafar an t-iarrthóir nó an tairgeoir lena mbaineann ón nós imeachta ach amháin mura bhfuil aon bhealach eile ann chun prionsabal na córa comhionainne a áirithiú.

Sula gcuirfear eisiamh den chineál sin i bhfeidhm, tabharfar deis d'iarrthóirí nó do thairgeoirí a léiriú nach dócha go ndéanfaidh a rannpháirtíocht in ullmhú an nós imeachta saobhadh ar an iomaíocht. Taifeadfar na bearta a dhéantar sa tuarascáil aonair dá bhforáiltear in Airteagal 84.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Faoi Airteagal 69(1) agus (4) den Treoir chéanna:

'1. Ceanglóidh na húdaráis chonarthacha ar oibreoirí eacnamaíocha an praghas nó na costais a mholtar sa tairiscint a mhíniú, i gcás ina ndealraíonn sé go bhfuil an tairiscint thar a bheith íseal i bhfianaise na n-oibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí.

[...]

4. I gcás ina suíonn an t-údarás conarthach go bhfuil tairiscint thar a bheith íseal toisc go bhfuil Státchabhair faighte ag an tairgeoir, ní fhéadfaidh sé an tairiscint a dhiúltú ar an mbonn sin amháin seachas más rud é nach bhfuil sé ar chumas an tairgeora a chruthú, laistigh de theorainn ama leordhóthanach arna socrú ag an údarás conarthach, go raibh an chabhair atá i gceist ag luí leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 107 [CFAE]. I gcás ina ndiúltaíonn údarás conarthach tairiscint sna himthosca sin, cuirfidh sé an Coimisiún [Eorpach] ar an eolas dá réir sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 Is ionann atá in Airteagail 78 go 82 de Threoir 2014/24 agus Caibidil II, dar teideal 'Rialacha lena rialaítear comórtais deartha', de Theideal III den Treoir sin, dar teideal 'Córais soláthair speisialta'.

12 Foráiltear mar a leanas in Airteagal 78 den Treoir sin:

‘Beidh feidhm ag an gcaibidil seo maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) comórtais deartha a eagraítear mar chuid de nós imeachta as a n-eascraíonn dámhachtain conartha seirbhíse poiblí;

(b) comórtais deartha le duaiseanna nó íocaíochtaí le rannpháirtithe.

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

13 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 80(1) den Treoir chéanna:

‘Agus comórtais deartha á n-eagrú acu, cuirfidh na húdaráis chonarthacha nósanna imeachta i bhfeidhm atá curtha in oiriúint d’fhorálacha Theideal I agus d’fhorálacha na Caibidle seo.’

14 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 82 de Threoir 2014/24:

‘1. Beidh uathriail chinnteoireachta nó tuairime ag an mbord roghnúcháin.

2. Scrúdóidh an bord roghnúcháin na pleananna agus na tionscadail arna dtíolacadh ag na hiarrthóirí go hanaithnid agus i bhfianaise na gcritéar sin amháin a leagtar amach san fhógra comórtais.

3. Leagfaidh an bord roghnúcháin amach, i dtuarascáil arna síniú ag a chomhaltaí, rangú gach ceann de na tionscadail de réir a bhfiúntas, mar aon lena bharúlacha agus aon phointe is gá a shoiléiriú.

4. Urramófar an anaithnideacht go dtí go dtiocfaidh an bord roghnúcháin ar thuairim nó ar chinneadh.

5. Féadfar a iarraidh ar iarrthóirí, más gá, na ceisteanna a d’ardaigh an bord roghnúcháin sna miontuairiscí a fhreagairt chun aon ghné de dhearadh a shoiléiriú.

6. Déanfar miontuairiscí iomlána den idirphlé idir comhaltaí an bhoird roghnúcháin agus na hiarrthóirí a tharraingt suas.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

15 I gcomhréir le Cuid E d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2014/24, ní mór go leagfaí amach leis na fógraí comórtais dá dtagraítear in Airteagal 79(1) den Treoir sin, *inter alia*, na critéir a chuirfear i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar na tionscadail agus go gcuirfí in iúl an bhfuil cinneadh an bhoird roghnúcháin ceangailteach ar an údarás conarthach lena mbaineann agus an ndámhfar conarthaí tar éis an chomórtais deartha ar bhuaiteoir nó ar bhuaiteoirí an chomórtais sin.

Treoir 2014/25

16 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 2 de Threoir 2014/25, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1829 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2019 (IO 2019 L 279, lch. 27) ('Treoir 2014/25'):

'Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn:

[...]

17) "comórtais deartha", nósanna imeachta a chuireann ar chumas an eintitis chonarthaigh plean nó dearadh a fháil, go príomha i réimsí na pleanála spásúlachta, na pleanála uirbí, na hailtireachta agus na hinnealtóireachta nó na próiseála sonraí, arna roghnú ag bord roghnúcháin tar éis próiseas iomaíoch, le duaiseanna á ndámhachtain nó dá n-uireasa;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

17 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 11 den Treoir sin:

'Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar nó oibriú líonraí lena soláthraítear seirbhís don phobal i réimse an iompair d'iarnród, córais uathoibrithe, trambhealach, bus tralaí, bus nó cábla.

Maidir le seirbhísí iompair, measfar gurb ann do líonra i gcás ina soláthraítear an tseirbhís faoi choinníollacha oibriúcháin arna leagan síos ag údarás inniúil Ballstáit, amhail coinníollacha maidir leis na bealaí a mbeidh seirbhís le déanamh orthu, an acmhainn a chuirfear ar fáil nó minicíocht na seirbhíse'.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

18 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 15 den Treoir sin:

'Mura rud é go n-eisiatar iad leis na heisiaimh a leagtar amach in Airteagail 18 go 23 nó i gcomhréir le hAirteagal 34, maidir le saothrú na gníomhaíochta atá i gceist, beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le soláthairtí a bhfuil a luach measta glan ó cháin bhreisluacha (CBL) comhionann leis na tairseacha seo a leanas nó níos airde ná iad:

(a) EUR 428 000 le haghaidh conarthaí soláthair agus seirbhíse agus le haghaidh comórtais deartha;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

19 De réir Airteagal 36(1) den Treoir chéanna:

'Caithfidh eintitis chonarthacha go cothrom agus gan idirdhealú le hoibreoirí eacnamaíocha agus gníomhóidh siad ar mhodh trédhearcach agus comhréireach.'

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

20 Is ionann atá in Airteagail 95 go 98 de Threoir 2014/25 agus Caibidil II, dar teideal ‘Rialacha lena rialaítear comórtais deartha’, de Theideal III den Treoir sin, dar teideal ‘Córais soláthair speisialta’.

21 Foráiltear mar a leanas in Airteagal 95 den Treoir sin:

‘1. Beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le comórtais deartha arna n-eagrú mar chuid de nós imeachta chun conradh seirbhíse a dhámhachtain, ar choinníoll go bhfuil luach measta an chonartha glan ó CBL, lena n-áirítear aon duais fhéideartha nó íocaíocht fhéideartha le rannpháirtithe, cothrom leis an méid dá bhforáiltear in Airteagal 15(a) nó níos mó ná an méid sin.

2. Beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gach comórtas deartha ina bhfuil méid iomlán na nduaiseanna comórtais agus na n-íocaíochtaí le rannpháirtithe, lena n-áirítear luach measta glan ó CBL an chonartha seirbhíse a d’fhéadfaí a thabhairt i gcrích ina dhiaidh sin de bhun Airteagal 50(j), cothrom leis an méid a shonraítear in Airteagal 15(a) nó níos mó ná an méid sin, mura n-eisiann an t-eintiteas conarthach dámhachtain den sórt sin san fhógra comórtais.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

22 Foráiltear mar a leanas in Airteagal 97(1) den Treoir chéanna:

‘Agus comórtais deartha á n-eagrú acu, cuirfidh na heintitis chonarthacha nósanna imeachta i bhfeidhm atá curtha in oiriúint d’fhorálacha Theideal I agus d’fhorálacha na Caibidle seo.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

23 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 98 de Threoir 2014/25:

‘1. Beidh uathriail chinnteoireachta nó tuairime ag an mbord roghnúcháin.

2. Scrúdóidh an bord roghnúcháin na pleananna agus na tionscadail arna gcur isteach ag na hiarrthóirí go hanaithnid agus i bhfianaise na gcritéar sin amháin a leagtar amach san fhógra comórtais.

3. Leagfaidh an bord roghnúcháin amach, i dtuarascáil arna síniú ag a chomhaltaí, rangú gach ceann de na tionscadail de réir a bhfiúntas, mar aon lena bharúlacha agus aon phointe is gá a shoiléiriú.

4. Urramófar an anaithnideacht go dtí go dtiocfaidh an bord roghnúcháin ar thuairim nó ar chinneadh.

5. Féadfar a iarraidh ar iarrthóirí, más gá, na ceisteanna a d’ardaigh an bord roghnúcháin sna miontuairiscí a fhreagairt chun aon ghné de dhearadh a shoiléiriú.

6. Déanfar miontuairiscí iomlána den idirphlé idir comhaltaí an bhoird roghnúcháin agus na hiarrthóirí a tharraingt suas.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

An dlí náisiúnta

An Cód um nós imeachta riaracháin

24 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 121 den Código do Procedimento Administrativo (Cód um Nós Imeachta Riaracháin), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí, dar teideal ‘An ceart chun éisteacht a fháil roimh ré’:

‘1. Gan dochar d’fhorálacha Airteagal 124, beidh sé de cheart ag páirtithe leasmhara éisteacht a fháil sna himeachtaí sula ndéanfar an cinneadh críochnaitheach, agus go háirithe cuirfear ar an eolas iad maidir leis an toradh is dócha a thiocfaidh as an gcinneadh sin.

2. Agus an ceart chun éisteacht a fháil á fheidhmiú acu, féadfaidh páirtithe leasmhara a dtuairimí a chur in iúl maidir le gach ábhar fíorais agus dlí atá ábhartha don chinneadh, agus céimeanna breise a iarraidh agus doiciméid a chur i gceangal freisin.

3. Ní fhéadfaidh an t-údarás inniúil ach éisteacht roimh ré amháin a dhéanamh, nach mór dó na hábhair uile fíorais agus dlí atá mar thaca don toradh is dócha a thiocfaidh as an gcinneadh a áireamh inti.

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

25 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 124 den Chód um Nós Imeachta Riaracháin, sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí, dar teideal ‘Díolúine ón gceanglas éisteacht leis na páirtithe leasmhara’:

‘1. Féadfaidh an té atá freagrach as an nós imeachta gan an éisteacht leis na páirtithe leasmhara a eagrú más rud é:

(a) go bhfuil práinn leis an gcinneadh;

(b) gur iarr na páirtithe leasmhara an cur siar dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal roimhe seo agus, ar chúiseanna atá inchurtha ina leith, nárbh fhéidir dáta nua a shocrú i gcomhréir le mír 3 den Airteagal céanna;

(c) go bhfuil sé réasúnta intuartha go bhféadfadh dícheall cuí forghníomhú nó úsáideacht an chinnidh a chur i mbaol;

(d) go bhfuil líon na bpáirtithe leasmhara atá le héisteacht de chineál a fhágann go mbeidh an éisteacht dofheidhmithe, agus sa chás sin ní mór comhairliúchán poiblí a dhéanamh, i gcás inar féidir, ar an mbealach is iomchuí;

(e) go bhfuil a dtuairimí curtha in iúl cheana féin ag na páirtithe leasmhara sa nós imeachta maidir leis na saincheisteanna atá ábhartha don chinneadh agus maidir leis an bhfianaise a tíolacadh;

(f) go dtiocfaidh cinneadh atá go hiomlán fabhrach do na páirtithe leasmhara as na heilimintí atá sa nós imeachta.

2. Sna cásanna dá bhforáiltear sa mhír roimhe seo, ní mór na cúiseanna nár tionóladh an éisteacht a lua sa chinneadh críochnaitheach.'

An Cód um Sholáthar Poiblí

26 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 219-A den Código dos Contratos Públicos (Cód um Sholáthar Poiblí), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí ('CCP'):

'1. Is é is aidhm do chomórtas deartha obair deartha amháin nó níos mó a roghnú, ag céim an bhunchláir nó a leithéid, go háirithe i réimsí na n-ealaíon, na pleanála spásúlachta, na pleanála uirbí, na hailtireachta, na hinnealtóireachta nó na próiseála sonraí.

[...]

6. Is iad na foirmiúlachtaí a leagtar síos sa Chaibidil seo na foirmiúlachtaí is infheidhme maidir le nósanna imeachta le haghaidh comórtais phoiblí, le haghaidh comórtais shrianta lena ngabhann comórtais réamhroghnúcháin agus le haghaidh comórtais deartha shimplithe; beidh feidhm ag forálacha eile an Chóid seo maidir le ceapadh conarthaí ar bhonn coimhdeach.'

27 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 219-B(2) de CCP:

'Cibé modh a ghlacfar, ní fhéadfar a bheith ar an eolas faoi chéannacht na n-iarrthóirí arb iad cruthaitheoirí na n-oibreacha deartha arna gcur isteach agus ní nochtfar a gcéannacht go dtí go mbeidh an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 219-I (1) ullmhaithe.

28 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 219-F de CCP:

'1. Ní mór go mbeidh na doiciméid ina bhfuil na hoibreacha deartha ullmhaithe agus curtha isteach ar bhealach lena ráthófar anaithnideacht iomlán absalóideach na n-iarrthóirí, gan aon fhaisnéis a bheith iontu lena bhféadfar a gcruthaitheoir nó a gcruthaitheoirí a shainaithint, go díreach nó go hindíreach.

2. Déanfaidh an bord roghnúcháin measúnú ar na hoibreacha deartha agus dréachtóidh sé tuarascáil, arna síniú ag a chomhaltaí uile, ina ndéanfaidh sé na nithe seo a leanas a lua, ar bhealach réasúnaithe:

(a) rangú na n-oibreacha deartha arna gcur isteach, i gcomhréir leis an gcritéar roghnúcháin a shainítear sna téarmaí tagartha;

(b) na hoibreacha deartha a eisiadh de dheasca iad a bheith curtha isteach de shárú ar aon riail a bhaineann lena gcur isteach.

3. Ní fhéadfaidh an bord roghnúcháin teacht ar an eolas maidir le céannacht na n-iarrthóirí ach amháin tar éis dó forálacha na míre roimhe seo a chomhlíonadh go hiomlán.

4. Féadfaidh an bord roghnúcháin soiléiriú a lorg ó iarrthóirí maidir lena gcuid oibre nó féadfaidh sé céim taispeántais nó tástála de na hoibreacha deartha a eagrú, arb é is aidhm di measúnú a

dhéanamh ar chomhlíonadh ó thaobh na dtéarmaí tagartha de, ar oiriúnacht nó ar indéantacht na réiteach atá beartaithe, ar choinníoll go bhforáiltear dó sin sna téarmaí tagartha.

5. Má ghlactar na céimeanna dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, ullmhóidh an bord roghnúcháin tuarascáil nua ina léireofar a dtorthaí agus ina molfar rangú deiridh na n-iarrthóirí.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

29 An 10 Márta 2021, chinn an t-údarás conarthach fógra comórtais a fhoilsiú agus é d'aidhm aige go roghnódh bord roghnúcháin ('bord roghnúcháin') trí thogra deartha le haghaidh droichead os cionn an Douro a thógáil d'fhonn an conradh seirbhíse poiblí a dhámhachtain go díreach ina dhiaidh sin ar ghnóthas a chuir ceann de na trí dhearadh sin isteach chun an tionscadal deartha a ullmhú i dtaca leis an droichead sin a thógáil.

30 Is léir ó shonraíochtaí an chomórtais go bhfuil cinntí an bhoird roghnúcháin maidir le rangú na dtionscadal a chuirtear isteach ar an gcaoi sin nó maidir lena n-eisiamh ina gceangal ar an údarás conarthach agus nach féidir iad a athrú a luaithe a bheidh céannacht na n-iarrthóirí ar eolas acu, ach amháin má chuirtear an comórtas ar ceal. Féadfaidh an bord roghnúcháin aon soiléiriú a mheasann sé a bheith riachtanach a iarraidh ar iarrthóirí maidir leis na tionscadail a chuir siad isteach. Ní mór do na hiarrthóirí na soiléirithe sin a sholáthar agus lánurraim á tabhairt dá n-anaithnideacht. Rangófar na tionscadail sin, le cúiseanna, i dtuarascáil chríochnaitheach an bhoird roghnúcháin, i gcomhréir leis na critéir roghnúcháin a leagtar síos i sonraíochtaí an chomórtais, cé is moite díobh siúd atá faoi réir ceann de na forais eisiaimh a leagtar síos sna sonraíochtaí sin. Tabharfar duaiseanna EUR 150 000, EUR 100 000 agus EUR 50 000 faoi seach d'iarratasóirí a bhfuil a dtionscadail rangaithe sna trí áit is fearr, agus roghnófar iad chun páirt a ghlacadh i nós imeachta um dhámhachtain dhíreach ina n-iarrfar orthu tairiscint a chur isteach i gcomhréir le sonraíochtaí atá sonrach don nós imeachta sin.

31 An 18 Deireadh Fómhair 2021, chinn an t-údarás conarthach tionscadail ó thriúr iarrthóirí a roghnú i gcomhréir leis an tuarascáil a chuir an bord roghnúcháin isteach. Ní raibh an tionscadal a chuir an chuideachta is iarratasóir sna príomhimeachtaí isteach i measc na dtrí dtionscadal sin. Socraíodh leis freisin bunphraghas an nós imeachta i dtaca le dámhachtain dhíreach an chonartha seirbhíse chun an tionscadal críochnaitheach a ullmhú d'fhonn an droichead os cionn an Douro a thógáil ag EUR 2 800 000.

32 An 25 agus an 27 Deireadh Fómhair 2021, rinne an chuideachta is iarratasóir sin agóid i gcoinne thuarascáil an bhoird roghnúcháin os comhair a chathaoirligh agus d'iarr sé, ar bhonn a cirt chun éisteacht a fháil roimh ré, go ndéanfaí athbhreithniú ar an anailís ar an tionscadal a chuir sé isteach agus go leasófaí na marcanna a bronnadh air, agus d'iarr sé freisin go ndéanfaí leasuithe teicniúla ar an tionscadal sin.

33 An 2 Samhain 2021, mheas an t-údarás conarthach, ar an gcéad dul síos, nach bhféadfadh sé cinneadh an bhoird roghnúcháin a chur ar neamhní ach amháin dá mbeadh gníomhartha neamhdhleathacha nó earráidí follasacha measúnaithe sa chinneadh sin, rud nárbh amhlaidh sa chás seo. Ar an dara dul síos, thug sé dá aire nach bhféadfaí tionscadal nár roghnaigh an bord roghnúcháin sular cuireadh deireadh le hanaithnideacht na n-iarrthóirí a roghnú, agus mar thoradh air sin go mbeadh sé neamhdhleathach athmheastóireacht ar an tionscadal sin a iarraidh.

34 An 21 Márta 2022, thug an t-údarás conarthach an conradh i gcrích chun an tionscadal críochnaitheach a ullmhú d'fhonn an droichead os cionn an Douro a thógáil le cuibhreannas a bhí comhdhéanta de chuideachtaí nach raibh an chuideachta is iarratasóir sna príomhimeachtaí ina measc.

35 Le breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2023, dhíbh Tribunal Administrativo e Fiscal do Porto – Juzo de Contratos Públicos (an Chúirt Riaracháin agus Chánach, Porto, an Rannán Soláthair Phoiblí, an Phortaingéil) an chaingean a thionscain an chuideachta is iarratasóir sna príomhimeachtaí lenar iarr sé, *inter alia*, tuarascáil an bhoird roghnúcháin, cinneadh an údaráis chonarthaigh, agus an conradh chun an tionscadal críochnaitheach a ullmhú d'fhonn an droichead os cionn an Douro a thógáil, a tugadh i gcrích leis an tairgeoir rathúil, a chur ar neamhní.

36 Le breithiúnas an 15 Nollaig 2023, dhíbh an Tribunal Central Administrativo Norte (an Chúirt Riaracháin Lárnach, an Phortaingéil) an t-achomharc a rinne an chuideachta is iarratasóir sna príomhimeachtaí i gcoinne an bhreithiúnais sin.

37 Thionscain an chuideachta sin achomharc ar phointe dlí i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair an Supremo Tribunal Administrativo (an Chúirt Uachtarach Riaracháin, an Phortaingéil), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.

38 Sa chéad áit, measann an chúirt sin, ar an gcéad dul síos, gur nós imeachta comórtais deartha, de réir bhrí Threoir 2014/24, atá sa nós imeachta atá i gceist sna príomhimeachtaí, seachas nós imeachta measctha inar gá gurb ann do chéim ar dtús maidir le roghnú na dtairiscintí, agus ina dhiaidh sin an dara céim ar lena linn a choinnítear ceann de na tairiscintí sin. I dtaca leis sin, tugann sí faoi deara nach é príomhchuspóir an nós imeachta comórtais deartha sin conradh a thabhairt i gcrích, ach plean nó tionscadal amháin nó níos mó a roghnú i réimsí na hailtireachta nó na hinnealtóireachta.

39 Ar an dara dul síos, áitíonn an chúirt sin nach mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí leis an nós imeachta i ndiaidh dhámhachtain an chonartha seirbhíse poiblí atá i gceist, rud a cuireadh i gcrích tar éis nós imeachta cuí.

40 Sa dara háit, fiafraíonn an chúirt sin ar cheart a aithint go bhfuil sé de cheart ag iarrthóirí i gcomórtas éisteacht a fháil ón mbord roghnúcháin sa chomórtas sin sula ndéanfaidh sé a chinneadh.

41 I dtaca leis sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire, ar an gcéad dul síos, cé gur céim ríthábhachtach í an éisteacht leis na páirtithe leasmhara in aon nós imeachta riaracháin faoi dhlí na Portaingéile, go bhféadfar a mheas go bhfuil sé comhsheasmhach leis an dlí sin gan an éisteacht roimh ré a bheith ann i gcásanna áirithe a bhfuil údar cuí leo.

42 Ar an dara dul síos, cuireann an chúirt sin in iúl go bhféadfadh sé gur ghá gan éisteacht roimh ré leis na rannpháirtithe i gcomórtas a thíolacadh ar an bhforas go mbainfeadh sé an bonn den bhunphrionsabal maidir le hanaithnideacht na rannpháirtithe sin, ós rud é nach féidir céannacht na rannpháirtithe sin a bheith ar eolas go dtí go ndréachtófar tuarascáil bhord roghnúcháin an chomórtais sin.

43 É sin ráite, cuireann an chúirt sin in iúl, go bhféadfaidh bord roghnúcháin soiléiriú a fháil ar dhearaí na n-iarrthóirí, faoi Airteagal 82(3) go (6) de Threoir 2014/24, i gcomhthéacs idirphlé roimh dhréachtú a thuarascála agus arna thaifeadadh i miontuairiscí, ar choinníoll go

n-urramaítear anaithnideacht na n-iarrthóirí sin. Rinneadh féidearthacht den sórt sin a thrasuí le hAirteagal 219-F de CCP, rud a ligeann don bhord roghnúcháin tuarascáil nua a tharraingt suas freisin tar éis na soiléirithe atá faighte aige.

44 Ina theannta sin, cé nach gcumhdaítear ceart na n-iarrthóirí chun éisteacht roimh ré a fháil le haon riail a bhaineann go sonrach leis an nós imeachta comórtais deartha i ndlí na Portaingéile, foráiltear d'éisteacht den chineál sin, mar sin féin, leis na rialacha ginearálta lena rialaítear nósanna imeachta oscailte, dá dtagraítear in Airteagal 219-A(6) de CCP; mar mhalairt air sin, foráiltear do thagairt den sórt sin freisin in Airteagal 80(1) de Threoir 2014/24.

45 Measann an chúirt sin nach mór, a chinneadh, sna himthosca sin, an bhfuil an ceart ag rannpháirtithe i gcomórtas éisteacht a fháil os comhair an bhoird roghnúcháin sa chomórtas sin sula rangaítear na pleananna nó na tionscadail a chuirtear faoina bhráid.

46 Sna himthosca sin, chinn an Supremo Tribunal Administrativo (an Chúirt Uachtarach Riaracháin) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

'An bhfuil an riail maidir le hanaithnideacht na dtairgeoirí, dá bhforáiltear in Airteagal 82(4) de [Threoir 2014/24], arna léamh i gcomhar leis an bhféidearthacht idirphlé a dhéanamh idir an bord roghnúcháin agus na tairgeoirí chun soiléiriú a fháil ar an obair deartha arna tíolacadh, dá bhforáiltear in Airteagal 82(5) agus (6), agus leis an tagairt d'fhorálacha Theideal I in Airteagal 80(1) den Treoir sin, le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc léi ar éisteacht éigeantach a thabhairt do pháirtithe leasmhara roimh ré?'

Breithniú ar na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

Inghlacthacht

47 Sa chéad áit, maíonn an t-údarás conarthach go bhfuil an cheist a tharchuirtear do-ghlactha ar thrí chúis. Ar an gcéad dul síos, ós rud é nach mór go ndéanfaidh bord roghnúcháin comórtais measúnú i gcomhréir dhocht le prionsabal na hanaithnideachta, i gcás ina gcaithfí deireadh a chur le hanaithnideacht na rannpháirtithe sa chomórtas, sa chás seo, ní fhéadfadh aon iarmhairt phraiticiúil teacht mar thoradh ar aitheantas a thabhairt do cheart na cuideachta is iarratasóir sna príomhimeachtaí éisteacht a fháil ón mbord roghnúcháin. Ina dhiaidh sin, fiú dá dtabharfaí éisteacht don chuideachta is iarratasóir sin, bheadh toradh an chomórtais mar an gcéanna, ós rud é nár shuigh cúirteanna na Portaingéile aon earráid i measúnú an bhoird roghnúcháin. Ar deireadh, trína hiarraidh go n-aithneofaí ceart chun éisteacht a fháil os comhair an bhoird roghnúcháin, ní fhéachann an chuideachta is iarratasóir ach leis an deis a fháil ábhar a thionscadail a leasú, rud a thoirmeascfaí le dlí an Aontais.

48 Ní mór a mheabhrú, de réir cásdlí socair, go mbaineann toimhde ábharthachta le ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh arna dtarchur ag cúirt náisiúnta sa chomhthéacs reachtach agus fíorasach ar faoin gcúirt sin atá sé a shainiú, agus nach faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé a gcruinneas a fhíorú. Ní féidir leis an gCúirt diúltú rialú a thabhairt ar cheist arna tarchur ag cúirt náisiúnta ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach mbaineann an léiriú atá á lorg ar dhlí an Aontais le fíricí iarbhír nó le cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, i gcás ina bhfuil an fhadhb hipitéiseach, nó i gcás nach bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt

chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi (breithiúnas an 17 Márta 2026, *Županijsko državno odvjetništvo*, C-8/24, EU:C:2026:210, mír 55 agus an cásdlí dá dtagraítear).

49 Sa chás seo, ní mór a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, i gcás ina ndéantar an cinneadh atá i gceist sna príomhimeachtaí a chur ar neamhní, nach féidir a chur as an áireamh go bhféadfaí bord roghnúcháin nua a chur ar bun chun athmheastóireacht a dhéanamh ar na tionscadail arna gcur isteach ag na hiarrthóirí i gcomhréir dhocht lena n-anaithnideacht.

50 Ar an dara dul síos, fiú más rud é nach gcuirfí an cinneadh lena mbaineann ar neamhní mar thoradh ar an sárú ar an gceart chun éisteacht a fháil ach amháin, in éagmais na neamhrialtachta sin, i gcás go bhféadfadh ábhar an chinnidh sin a bheith éagsúil, ní faoin gCúirt atá sé a measúnú ina leith sin a chur in ionad mheasúnú na cúirte a rinne an tarchur.

51 Ar an tríú dul síos, fiú má ghlactar leis nach bhfuil i gceist leis an gcuspóir atá á shaothrú ag an gcuideachta is iarratasóir sna príomhimeachtaí ach deis a fháil ábhar a thionscadail a leasú, rud nach léir ón ordú tarchuir, is amhlaidh fós go dtagann an cheist an gcuirtear cosc le dlí an Aontais ar éisteacht a thabhairt d'iarrthóirí a bhfuil cuspóir den sórt sin á shaothrú acu faoi raon feidhme léiriú fhorálacha ábhartha dhlí an Aontais agus, dá bhrí sin, go mbaineann sí leis an scrúdú ar shubstaint na ceiste a tharchuirtear.

52 Dá bhrí sin, ní féidir seasamh leis na hagóidí maidir le do-ghlacthacht a d'ardaigh an t-údarás conarthach.

53 Sa dara háit, mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta i mír 11 dá Thuairim, baineann an cheist a tharchuirtear le léiriú Airteagail 80 agus 82 de Threoir 2014/24, cé go raibh sé d'aidhm ag an gcomórtas atá i gceist sna príomhimeachtaí droichead thar an Douro a dhearadh, arna iarraidh sin don chuideachta atá freagrach as bonneagar mheitreo Porto a bhainistiú.

54 Dá bhrí sin, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh sé nach dtagann an comórtas sin faoi raon feidhme Threoir 2014/24, ach faoi raon feidhme Threoir 2014/25.

55 Leanann sé ó Airteagal 7 de Threoir 2014/24, nach mbaineann raon feidhme na Treorach sin le conarthaí poiblí in earnáil na seirbhísí iompair, mar a shainmhínítear in Airteagal 11 de Threoir 2014/25 (breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Roma Multiservizi agus Rekeep*, C-332/20, EU:C:2022:610, mír 64).

56 Luaitear sa chéad mhír d'Airteagal 11 de Threoir 2014/25 go mbeidh 'feidhm ag an Treoir seo maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar nó oibriú líonraí lena soláthraítear seirbhís don phobal i réimse an iompair d'iarnród, córais uathoibrithe, tram, bus tralaí, bus nó cábla.' Faoin dara mír den Airteagal sin, tá líonra ann i gcás go soláthraítear an tseirbhís iompair faoi choinníollacha oibriúcháin arna leagan síos ag údarás inniúil Ballstáit, amhail coinníollacha maidir leis na bealaí a mbeidh freastal le déanamh orthu, an acmhainneacht a chuirfear ar fáil nó minicíocht na seirbhíse.

57 A mhéid nach sonraítear san ordú tarchuir úsáid bheartaithe an droichid thar an Douro, arb é a dhearadh is ábhar don chomórtas atá i gceist sna príomhimeachtaí, ní féidir a chinneadh leis an ordú sin an bhfuil Treoir 2014/24 infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí nó, os a choinne sin, ar cheart Treoir 2014/25 a chur i bhfeidhm.

58 Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, go gcomhfhreagraíonn Airteagail 97 agus 98 de Threoir 2014/25, go bunúsach, d'Airteagail 80 agus 82 de Threoir 2014/24 (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2018, *Rudigier*, C-518/17, EU:C:2018:757, mír 44, agus an 10 Samhain 2022, *Taxi Horn Tours*, C-631/21, EU:C:2022:869, mír 39).

59 Sna himthosca sin, tá an cheist a tharchuirtear fós ábhartha chun an díospóid sna príomhimeachtaí a réiteach fiú má thagann an comórtas atá i gceist sa díospóid sin faoi raon feidhme an chéad cheann de na treoracha sin.

60 Sa tríú háit, is léir ó na doiciméid atá os comhair na Cúirte go mbaineann an nós imeachta comórtais deartha atá i gceist sna príomhimeachtaí le méid atá níos mó ná na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2014/24 agus in Airteagail 15 agus 95 de Threoir 2014/25 faoi seach.

61 Dá bhrí sin, tá an cheist a tharchuirtear inghlactha.

Substaint

62 Lena ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagail 80 agus 82 de Threoir 2014/24 le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar rannpháirtithe i gcomórtas a bheith in ann a cheangal ar bhord roghnúcháin an chomórtais sin éisteacht a thabhairt dóibh sula ndéanfaidh sé na pleananna nó na tionscadail atá curtha isteach acu a rangú go cinntitheach.

63 Mar réamhphointe, mar a mheabhraítear i mír 48 den bhreithiúnas seo, sainíonn an chúirt a rinne an tarchur an comhthéacs reachtach agus fíorasach atá faoina freagracht féin. Dá bhrí sin, ní faoin gCúirt atá sé amhras a chaitheamh, mar a thugann an chuideachta is iarratasóir sna príomhimeachtaí le fios, ar chinneadh na cúirte sin gur nós imeachta comórtais deartha de réir bhrí Airteagal 2(1)(21) de Threoir 2014/24 atá sa nós imeachta atá i gceist sna príomhimeachtaí.

64 I bhfianaise an tsoiléirithe sin, ní mór a thabhairt faoi deara, sa chéad áit, nach ráthaítear le haon cheann de na forálacha i gCaibidil II de Theideal III de Threoir 2014/24, atá dírithe go sonrach ar chomórtais, an ceart chun éisteacht a fháil ó bhord roghnúcháin an chomórtais sin sula dtarraingíonn sé suas a rangú.

65 Cé gur fíor go sonraítear in Airteagal 82(5) den Treoir sin go bhféadfaidh bord roghnúcháin cuireadh a thabhairt d'iarrthóir, más gá, na ceisteanna a d'ardaigh an bord roghnúcháin sin ina mhiontuairiscí a fhreagairt chun gnéithe áirithe de dhearadh an iarrthóra sin a shoiléiriú, is é an bord roghnúcháin sin amháin a fhéadfaidh soiléiriú den sórt sin a lorg, áfach, má mheasann sé go bhfuil gá leis sin. Dá bhrí sin, ní bhronntar leis an bhforáil sin aon cheart ar iarrthóirí i gcomórtas éisteacht a fháil ón mbord roghnúcháin céanna.

66 Sa dara háit, leanann sé ó Airteagal 80(1) de Threoir 2014/24 go gceanglaítear ar údaráis chonarthacha comórtais deartha a eagrú trí nósanna imeachta a chur i bhfeidhm atá oiriúnaithe ní hamháin d'fhorálacha Chaibidil II de Theideal III den Treoir sin, ach freisin do na forálacha a leagtar amach i dTeideal I, a bhaineann leis an raon feidhme, leis na sainmhínithe agus leis na prionsabail ghinearálta is infheidhme maidir le conarthaí poiblí agus le comórtais deartha.

67 I dtaca leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, nach bhfuil aon fhoráil i dTeideal I lena sonraítear go dtabharfaidh an bord roghnúcháin don chomórtas sin nó an t-údarás conarthach lena mbaineann éisteacht d'iarrthóirí i gcomórtas nó do thairgeoirí i nós imeachta um dhámhachtain conartha phoiblí sula ndéanfaidh an bord roghnúcháin sin nó an t-údarás conarthach sin a chinneadh.

68 Ar an dara dul síos, cumhdaítear le hAirteagal 18 de Threoir 2014/24, atá mar chuid de Theideal I, prionsabail na córa comhionainne agus na trédhearcachta sna nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí.

69 Leanann sé ó na prionsabail sin nach mór coinníollacha agus rialacha mionsonraithe an nós imeachta um dhámhachtain conarthaí a fhoirmliú ar bhealach soiléir, beacht agus aonchiallach san fhógra conartha nó sna sonraíochtaí tairisceana agus, i bprionsabal, nach féidir le tairgeoir agus an t-údarás conarthach lena mbaineann aon chaibidlíocht a dhéanamh, rud a fhágann nach féidir tairiscint a mhodhnú de ghnáth tar éis í a chur isteach agus nach féidir leis an údarás conarthach sin soiléiriú a lorg ó thairgeoir i gcás ina measann sé go bhfuil a thairiscint neamhbheacht nó ar neamhréir le doiciméid an chonartha (féach, chuige sin, breithiúnais an 14 Meán Fómhair 2017, *Casertana Costruzioni*, C-223/16, EU:C:2017:685, mír 35; an 17 Meitheamh 2021, *Simonsen & Well*, C-23/20, EU:C:2021:490, mír 61, agus an 13 Meitheamh 2024, *BibMedia*, C-737/22, EU:C:2024:495, míreanna 31 agus 32 agus an cásdlí dá dtagraítear).

70 A mhéid a cheanglaítear le hAirteagal 80(1) de Threoir 2014/24 go gcomhlíonfar na prionsabail sin maidir le trédhearcacht agus comhionannas le linn nósanna imeachta comórtais, in éagmais aon fhoráil eile a bhaineann leis na nósanna imeachta sin lena gcumhdaítear ceart na n-iarrthóirí chun éisteacht a fháil, ní cheadaítear d'iarrthóir a cheangal go dtabharfaidh an bord roghnúcháin lena mbaineann éisteacht dó sula ndéanfaidh an bord sin na tionscadail nó na pleananna a chuirtear faoina bhráid a rangú.

71 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i míreanna 23 agus 37 dá Thuairim, tacaítear le léiriú den sórt sin leis an riachtanas atá le neamhspleáchas an bhoird roghnúcháin agus rangú atá bunaithe ar fhiúntas oibiachtúil na dtionscadal agus na bpleananna arna gcur isteach amháin a chosaint, arb é an aidhm leis an gceanglas anaithnideachta a leagtar síos in Airteagal 82(2) agus (4) de Threoir 2014/24 a áirithiú. D'ainneoin na réamhchúraimí is féidir a ghlacadh, tá an baol ann i gcónaí le nós imeachta um éisteacht roimh ré ag an mbord roghnúcháin sin go nochtfar faisnéis lena bhféadfar iarrthóir a shainaithint, fiú go hindíreach, le linn na héisteachta sin.

72 Thairis sin, mar a léirítear go háirithe leis an bhfomhír dheireanach d'Airteagal 36(5), leis an tríú mír d'Airteagal 41 nó le míreanna 1 agus 4 d'Airteagal 69 de Threoir 2014/24, a leagtar amach i dTeideal II den Treoir sin, i gcás go bhfuil sé beartaithe ag reachtas an Aontais an ceart a thabhairt d'iarrthóirí nó do thairgeoirí dul i dteagmháil leis an údarás conarthach lena mbaineann nó dul i mbun caibidlíochta leis, aithníonn an reachtas oibleagáid atá ar an údarás conarthach chuige sin go sainráite.

73 Ní mór a lua freisin, dá gcinnfeadh an chúirt a rinne an tarchur go rialaítear an comórtas atá i gceist sna príomhimeachtaí, ní le Treoir 2014/24, ach le Treoir 2014/25, gur faoin gcúirt sin a bheadh sé a mheas, ar chúiseanna atá cosúil leo siúd a leagtar amach i míreanna 64 go 72 den

bhreithiúnas seo, nach féidir Airteagail 97 agus 98 den Treoir dheireanach sin a léiriú sa chaoi go bhféadfadh iarrthóir a cheangal go dtabharfaidh an bord roghnúcháin éisteacht dó sula ndéanfaidh an bord sin na tionscadail nó na pleananna a chuirtear faoina bhráid a rangú.

74 Sa tríú háit, mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta i míreanna 46 go 58 dá Thuairim, ní athraítear conclúid den sórt sin le prionsabal ginearálta dhlí an Aontais lena gcumhdaítear an ceart chun éisteacht a fháil, atá infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí.

75 De réir cásdlí socair, leis an gceart sin, faoi raon feidhme dhlí an Aontais, ráthaítear do gach duine an deis a chuid tuairimí a chur in iúl ar bhealach úsáideach agus éifeachtach le linn nós imeachta riaracháin agus sula nglacfar aon chinneadh lena bhféadfaí dochar a dhéanamh dá leasanna, lena n-áirítear i gcás nach bhforáiltear don fhoirmiúlacht sin leis an reachtaíocht is infheidhme (féach, chuige sin, breithiúnais an 24 Deireadh Fómhair 1996, *an Coimisiún* v *Lisrestal agus páirtithe eile*, C-32/95 P, EU:C:1996:402, mír 21; an 14 Eanáir 2021, *RTS infra agus Aannemingsbedrijf Norré-Behaegel*, C-387/19, EU:C:2021:13, mír 34; an 12 Meán Fómhair 2024, *Sagrario*, C-63/23, EU:C:2024:739, mír 79, agus an 6 Márta 2025, *Obshtina Veliko Tarnovo agus Obshtina Belovo*, C-471/23 agus C-477/23, EU:C:2025:155, mír 74 agus an cásdlí dá dtagraítear).

76 Sa chás seo, tá comhthuiscint ann gurb ionann cinneadh an bhoird roghnúcháin lenar chaill an chuideachta is iarratasóir sna príomhimeachtaí aon deis na duaiseanna a bhaineann leis an gcomórtas atá i gceist sna príomhimeachtaí agus leis an gconradh seirbhíse poiblí atá le dámhachtain ina dhiaidh sin a fháil, agus gníomh a dhéanann dochar don chuideachta is iarratasóir sin.

77 É sin ráite, ní mór measúnú a dhéanamh ar an gceart chun éisteacht a fháil agus imthosca sonracha gach cáis ar leith á gcur san áireamh, go háirithe cineál an ghnímh atá i gceist, comhthéacs a ghlactha agus na rialacha dlíthiúla lena rialaítear an t-ábhar atá i gceist, ós rud é gurb é cuspóir an chirt sin a chur ar chumas daoine aonair a dtuairimí a chur in iúl go héifeachtach maidir leis an bhfaisnéis a bhfuil sé beartaithe ag an riarachán brath uirthi (féach, chuige sin, breithiúnais an 5 Samhain 2014, *Mukarubega*, C-166/13, EU:C:2014:2336, mír 54; an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Prokuratura Rejonowa Łódź-Bałuty*, C-338/20, EU:C:2021:805, mír 42, agus an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 89).

78 Is é is aidhm don nós imeachta comórtais deartha, arna rialú le Treoir 2014/24, a chur ar chumas boird roghnúcháin tionscadail nó pleananna gach iarrthóra a chur i gcomparáid go hanaithnid, go hoibiachtúil agus go trédhearcach, ag brath go heisiach ar na critéir a leagtar amach san fhógra comórtais. Dá bhrí sin, ceanglaítear ar na rannpháirtithe sa chomórtas deartha sin plean nó tionscadal a chur isteach, ar bhonn na sonraí beachta atá sna doiciméid soláthair, atá beartaithe chun freagairt ar an mbealach is leordhóthanaí d'ionchais an údaráis chonarthaigh lena mbaineann, mar a shonraítear sna doiciméid sin.

79 Ina theannta sin, is faoi na rannpháirtithe sin atá sé gníomhú go dícheallach agus a dtionscadail nó a bpleananna á ndréachtú acu, gan aon oibleagáid a bheith ar an údarás conarthach sin teagmháil a dhéanamh leo chun deireadh a chur le heaspa soiléireachta ina leith sin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 29 Márta 2012, *SAG ELV Slovensko agus páirtithe eile*, C-599/10, EU:C:2012:191, mír 38).

80 Dá bhrí sin, i bhfianaise na n-imthosca sonracha a bhaineann leis an nós imeachta comórtais dá dtagraítear i míreanna 78 agus 79 den bhreithiúnas seo, go háirithe an gá atá le hanaithnideacht na n-iarrthóirí agus comhionannas eatarthu a chaomhnú agus an oibleagáid atá ar na hiarrthóirí sin dícheall cuí a dhéanamh agus a bpleananna nó a dtionscadail á ndréachtú acu, ní áirítear le ceart an iarrthóra éisteacht a fháil sula n-eisiatar a dhearadh nó a phlean, de réir mar is iomchuí, ón nós imeachta roghnúcháin, an ceart chun a thuairimí a chur ar aghaidh os comhair bhord roghnúcháin an chomórtais lena mbaineann maidir leis an bhfaisnéis ar a bhfuil sé beartaithe ag an mbord roghnúcháin sin a chinneadh a bhunú, ach feidhmítear an ceart sin leis an rogha plean nó tionscadal a chur isteach a chomhfhreagraíonn d'ionchais an údaráis chonarthaigh sin, agus leis sin amháin. Dá réir sin, ní féidir a aithint go bhfuil sé de cheart ag iarrthóir den chineál sin éisteacht a fháil ón mbord roghnúcháin céanna tar éis an chur isteach sin agus sula rangóidh sé go críochnaitheach na pleananna nó na tionscadail a cuireadh faoina bhráid.

81 Leanann sé ó na breithnithe go léir roimhe seo go bhfuil Airteagail 80 agus 82 de Threoir 2014/24 le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar rannpháirtithe i gcomórtas a bheith in ann a cheangal ar bhord roghnúcháin an chomórtais sin éisteacht a thabhairt dóibh sula ndéanfaidh sé na pleananna nó na tionscadail atá curtha isteach acu a rangú go cinntitheach.

Costais

82 Os rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Tríú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagail 80 agus 82 de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO 2014 L 94, lch. 65), arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1828 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2019,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leo ar rannpháirtithe i gcomórtas a bheith in ann a cheangal ar bhord roghnúcháin an chomórtais sin éisteacht a thabhairt dóibh sula ndéanfaidh sé na pleananna nó na tionscadail atá curtha isteach acu a rangú go cinntitheach.

[Sínithe]